

## Dínit san Áit Oibre Coláiste Íde

### Réamhráiteas

Socraíodh polasaí i leith Dínit san áit Oibre a chur le chéile chun teacht leis an Acht Sláinte agus Sábháilteachta 2005.

Aithníonn Bord Bainistíochta Choláiste Íde go bhfuil sé de cheart ag gach aon bhall foirne oibriú in áit oibre atá saor ó thromaíocht agus ciapadh gnéasach.

Tá dualgas ar gach aon bhall foirne tús áite a thabhairt don cheart san ionas gur féidir timpeallacht saor ó thromaíocht agus ciapadh a chruthú

### Scóp

Baineann an polasaí seo le gach aon bhall foirne atá fostaithe ag Bord Bainistíochta Choláiste Íde. Beifear ag súil go mbeadh na hIontaobhaithe, an fhoireann go léir agus na tuismitheoirí ag oibriú as lámh a chéile agus é á chur i bhfeidhm. Caithfear na caidreamh oibre go léir a fhorbairt bunaithe ar na tréithe seo

- Meas ar a chéile
- Leibhéal ard cúirtéise
- Foighne/ Tuiscint
- Dílseacht
- Ionracas

### Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas na scoile

Tá dlúth cheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde 'sa Ráiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht foghlamtha sábháilte agus eagraithe ar fáil

### Aidhmeanna an pholasaí

- Atmaisféar oibre dearfach a chruthú agus a choimeád sa scoil
- Go mbeadh sé mar cheart ag gach aon bhall oibre a chuid oibre a dhéanamh le dínit
- Go bhfuil gach aon bhall oibre soiléir agus ar an eolas faoi na prionsabail atá sa pholasaí.

## Cairt- Dínit San Áit Oibre

Tá sé de cheart ag gach aon bhall oibre go ndéileálfai leo le meas, le cúirtéis agus go dtabharfaí tús áite do indibhidiúlacht gach éinne

Tuigimid go mbeadh tuairimí difriúla ag na baill oibre i gColáiste Íde ach níor cheart go gcuireadh sé seo isteach ar chaidreamh oibre na scoile

Caithfear meas a léiriú ar gach aon bhall foirne de bharr

- Taithí proifisiúnta
- Fís agus eolas
- Cúnamh agus tacaíocht do phobal na scoile laistigh agus lasmuigh den seomra ranga

Cuirtear béim ar na tréithe seo san áit oibre

- Cúirtéis
- Comhoibriú
- Cabhrú
- Ionracas
- Muinín
- Flaithiúlacht
- Cneastacht
- Ceart / Cothrom na Féinne

Tá dualgas ar phobal uile na scoile tús áite a thabhairt don chairt agus í a chur i bhfeidhm i gcónaí

### **Tromaíocht**

Sé atá i gceist le tromaíocht ná droch iompar leanúnach, díreach nó indíreach, ó bhéal nó go fisiciúil á chur i bhfeidhm ag duine nó grúpa, i gcoinne duine nó daoine eile, san áit oibre nó faoi chúrsaí oibre, a d'fheadfadh a bheith ag déanamh díspeagadh ar chearta duine a bheith sábháilte agus compordach ina thimpeallacht oibre

Samplaí tromaíochta

- Náire
- Díspeagadh
- Íospairt
- Aonrú
- Ag cur isteach ar phríobháideachas duine
- Ag bagairt
- Tascanna/ sprioc dátaí dodhéanta á leagadh síos

## **Ciapadh**

Is féidir le ciapadh a bheith bunaithe ar na nithe seo

- Stádas pósta
- Stádas clainne
- Creideamh
- Aois
- Mí chumas
- Cine
- Claonadh gnéasach

## **Próiseas maidir le déileáil le líomhaintí**

### ***Céim 1- Neamh Fhoirmeálta***

- A) Ba chóir go labhradh an duine atá ag fulaingt leis an duine eile agus a léiriú dóibh cad atá ag cur isteach orthu agus conas mar a bhraitheann siad
- B) Muna bhfuil sé seo sásúil is féidir leo duine neamhspleách atá roghnaithe, ainmnithe agus aontaithe a thabhairt leo (sé ról an tríú duine sa chás seo ná tacaíocht a thabhairt agus comhairle a chur ar fáil ionas gur féidir deireadh a chuir leis)
- C) Má bhraitheann éinne go bhfuil siad ag fulaingt ba chóir dóibh dialann a chóiméad le sonraí cruinn

Muna bhfuil aon réiteach ag an leibhéal seo téann sé ar aghaidh go céim 2

### ***Céim 2- Foirmeálta***

Is féidir leis an duine cuntas scríofa a chur os comhair an phríomhoide nó ball den mBord agus déanfar fiosrú ar na sonraí

- A) Cuirfear agallamh ar an duine chun an t-eolas cruinn a bhailiú
- Cé a bhí páirteach
  - Cathain a tharla sé
  - Cén áit a tharla sé
  - Aon fhinné
- B) Moladh ó thaobh réiteach na faidhbe Cuirfear na sonraí sin os comhair na daoine cuí agus tugfar deis dóibh labhairt amach agus féachaint ar an gcuntas scríofa agus beidh deis acu é a fhreagairt i scríbhinn
- C) Déanfar déileáil le haon iompar mí shásúil de réir na céimeanna seo;
- Foláireamh ó bhéal
  - Foláireamh i scríbhinn
  - Fionraíocht